**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 136/2025**

**an 13 Meitheamh 2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2025/1864]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2759 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an uair nach n-úsáidfear díorthaigh ach amháin chun na rioscaí ar gné dhílis iad d'infheistíochtaí eile de chuid an chiste infheistíochta fadtéarmaí Eorpaigh (ELTIF) a fhálú, na ceanglais maidir le beartas fuascailte agus uirlisí bainistithe leachtachta ELTIF, na himthosca chun iarrataí ar aistriú ó aonaid nó ó scaireanna ELTIF a mheaitseáil, critéir áirithe chun sócmhainní ELTIF a dhiúscairt, agus eilimintí áirithe den nochtadh costas ([1]), arna cheartú le IO L, 2024/90705, 6.11.2024, , tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31bgca (Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/480 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'31bgcb. **32024 R 2759**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2759 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2015/760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an uair nach n-úsáidfear díorthaigh ach amháin chun na rioscaí ar gné dhílis iad d'infheistíochtaí eile de chuid an chiste infheistíochta fadtéarmaí Eorpaigh (ELTIF) a fhálú, na ceanglais maidir le beartas fuascailte agus uirlisí bainistithe leachtachta ELTIF, na himthosca chun iarrataí ar aistriú ó aonaid nó ó scaireanna ELTIF a mheaitseáil, critéir áirithe chun sócmhainní ELTIF a dhiúscairt, agus eilimintí áirithe den nochtadh costas (IO L, 2024/2759, 25.10.2024), arna cheartú le IO L, 2024/90705, 6.11.2024.'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2759, arna cheartú le IO L, 2024/90705, 6.11.2024, san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 14 Meitheamh 2025, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

([1]) IO L, 2024/2759, 25.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2759/oj.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meitheamh 2025.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN